



Imlitir 0009/2012

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna, Scoileanna Comhphobail agus Cuimsitheacha mar aon le Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais

Eagair foirne i scoileanna iarbhunoideachais don scoilbhliain 2012/13

1. Réamhrá

Is é an cuspóir atá leis an imlitir seo ná chun gach bainistíocht agus gach foireann iarbhunscoile a chur in eolas faoi na heagair foirne don scoilbhliain 2012/13 agus san áireamh, ach go háirithe, an riachtanas atá ann an treoir a bhainistiú laistigh den dáileadh caighdeánach.

Cuimsíonn a leithéid an forbheathnú ar an creatlach ama maidir le tús agus feidhmiú an phróiseas a bhaineann le dáileadh múinteoirí mar aon leis an bpróiseas um ath-mlonnú.

Ba chóir an imlitir a léamh i gcomhuain leis na leasuithe, a foilsíodh le déanaí maidir leis an bpróiseas dailte múinteoirí. Tá a leithéid ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (na naisc a chur isteach).

Tá sé thar a bheith tábhachtach a shonrú gur eochair-ghné é de chlár Tacaíochta an *EU/IMF* agus den straitéis bhuiséadach iomláine, párolla na hearnáile poiblí a laighdiú. Fágтар gan athrú, go ndéanfar buanmhúinteoirí iomarca nó iad san i seilbh *CID* a ath-mlonnú trí fheidhm a bhaint as an mheicníocht a úsáidtear chun poist mhúinteoireachta a líonadh. Ní cheadófar don CGO ná do Bhoird Bhainistíochta earcaíocht a thosú chun folúntas múinteora a líonadh don scoilbhliain 2012/13 go dti go mbeidh an Roinn sásta nach mbeidh ionaid fholúntais ag teastáil chun buanmhúinteoirí iomarca nó iad san i seilbh *CID* a ath-mlonnú.

2. Eochair-dhátáí

Ba chóir do CGO/scoileanna na heochair-dhátáí threoracha a leanas a shonrú chun a bheith eolach ar thosú agus ar fheidhmiú an phróisis um ath-implonú agus an phróisis um dháileadh múinteoirí. Cé go ndéanfar gach iarracht feidhmiú chomh gar agus is féidir leis na dátaí treoracha sin, ba chóir go mbeadh scoileanna eolach faoi go bhféadfadh a leithéid a bheith tugtha d'athrú.

Eanáir	<p>Seachtain dár thosú 23 Eanáir – Rinne an Roinn teagmháil dhíreach le scoileanna a bhfuil iomarca buanmhúinteoirí ar fáil acu. Cuireann a leithéid ar a gcumas tosú ar an bpróiseas chun buanmhúinteoir(i) iomarca a shainnithint agus a ainmniú le haghaidh athfhostaíochta.</p> <p>s/t 30 Eanáir: Túsáiltí foirne seolta chuig gach aon scoil.</p>
Márta	<p>05 Márta – An dáta scoir le haghaidh a bhfuil a leanas bheith ar fáil ó CGO/scoileanna:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Foirm <i>CC 12/13</i> a chuimsíonn <ul style="list-style-type: none"> ○ Liosta na bhfolúntas ○ Iarratais ar lamhátais churaclaim ○ Ainmneacha na n-ainmnitheach don ath-implonú ○ Iarratais ar phoist don chlárú réamh-mheastacháin le haghaidh Meán Fómhair 2012 • Foirm <i>RD 1</i> a chuireann eolas mionsonraithe ar fáil ar ainmnitheach (ainmnithigh) ó scoileanna iomarca le haghaidh ath-implonaithe. • Foirm <i>RD 10</i> le comhlánú i leith múinteora iomarca a chreideann nár rinneadh próiseas an ainmnithe don ath-implonú de réir na nósanna imeachta ath-implonaithe. • Foirm <i>CID 8</i> i leith na <i>CIDeanna</i> a bhí ceadaithe ag an údarás scoile.
Aibreán	<p>s/t 23 Aibreán – Toradh ar na hiarratais a bhain leis an éileamh ar lamháltas curaclaim a fhógairt do CGO/scoileanna</p> <p>s/t 30 Aibreán – Tosú ar phróiseas an ath-implonaithe i leith múinteoirí as scoileanna iomarca a thairg don ath-implonú ar fholúntais i scoileanna eile.</p>
Bealtaine	<p>s/t 7 Bealtaine – Dáta scoir do na hachomhairc chuig Bhord na nAchomharc Neamhspleách maidir le toradh na n-iarratas ar na lamhátais churaclaim.</p> <p>s/t 14 Bealtaine – Tosú ar an bpróiseas ath-implonaithe i leith na múinteoirí sin as scoileanna iomarca a dhéanfar a ath-implonú go héigeantach ar fholúntais i scoileanna eile.</p> <p>s/t 28 Bealtaine – Fograíocht chuig CGO/scoileanna maidir le breitheanna Bhord na nAchomharc Foirne Neamhspleách.</p>

3. Tábla na n-achoirní ar na heagair foirne don scoilbhliain 2012/13

Tugann an tábla thíos achoimre ar phríomhbhail na n-eagar foirne le haghaidh iarbhunscoileanna don scoilbhliain 2012/13.

Beidh éifeacht ag na heagair foirne seo ó 1 Meán Fómhair 2012. Na túsáilí foirne don scoilbhliain 2012/13 a seoladh le déanaí chuig CGO/scoileanna, nocht siad mionsonraí sa bhreis i dtaca leis na heagair foirne seo.

<p>An dáileadh caighdeánach foirne (ó Mheán Fómhair 2012 amach, caithfidh scoileanna an soláthar treorach a bhainistiú trí úsáid a bhaint as an dáileadh caighdeánach foirne a tugadh dóibh)</p>	<p>18.25:1 do gach aon iarbhunscoil atá ag feidhmiú faoi DEIS</p> <p>19:1 do na scoileanna nach ngearrann táillí</p> <p>21:1 do na scoileanna a ghearrann táillí</p>
<p>Tacaíocht fhoghlamtha agus tacaíocht teanga a chónascadh i bpróiseas dáilte amháin</p>	<p>Scoileanna a bhfuil an clárú acu níos lú ná 600 dalta, gheobhaidh siad dáileadh 0.9 de phost.</p> <p>Scoileanna a bhfuil an clárú acu ionann agus 600 dalta, nó níos mó, faigheann siad dáileadh 1.4 de phost.</p>
<p>Tacaíocht sa bhreis do na scoileanna sin a bhfuil líon suntasach acu de dhaltaí a mbíonn tacaíocht teanga uathu.</p>	<p>Na scoileanna sin a bhfuil acu faoi láthair 2 phost shealadacha de thacaíocht teanga sa scoilbhliain 11/12, déanfar 1 phost buan de thacaíocht teanga a dháileadh orthu go huathoibríoch don scoilbhliain 2012/13.</p> <p>Na scoileanna sin a bhfuil acu faoi láthair 1 phost sealadach de thacaíocht teanga sa scoilbhliain 11/12, déanfar 0.5 phost buan de thacaíocht teanga a dháileadh orthu go huathoibríoch don scoilbhliain 2012/13.</p> <p>Is féidir go ndéanfar tacaíocht shealadach sa bhreis a sholáthar do na scoileanna sin nó do scoileanna eile a bhfuil líon suntasach acu de dhaltaí a mbíonn tacaíocht teanga uathu ar bhonn achomhairc do Bhord na nAchomhairc Neamhspleách.</p>
<p>Uaireanta acmhainne NCSE</p>	<p>An túsáilí ar na scoileanna uile don scoilbhliain 2012/13, cuimseoidh sé 70% de na huaireanta acmhainne ceadaithe NCSE a dáileadh orthu faoi 31 Nollaig 2011</p> <p>An fuílleach de na huaireanta acmhainne ceadaithe a bheidh fágtha ag gach scoil don scoilbhliain 2012/13, déanfar é a dháileadh amach anseo nuair a bheidh an próiseas NCSE críochnaithe.</p>
<p>Clár Feidhmithe na hArdteistiméireachta (LCA)</p>	<p>Bronnfar 0.5 de phost ar gach aon scoil a chuireann an clár LCA ar fáil. Is dáileadh seasmhach é seo agus fanann sé gan athrú fiú nuair a bhíonn athruithe ar an líon de dhaltaí LCA sa scoil.</p>

4. Soláthar treorach

Mar chuid de na gnéithe buiséadacha, ní dhéanfar na poist treoracha, ag leibhéal an iarbhunoideachais, a dháileadh feasta ar scoil iarbhunoideachais ar bith ar bhonn ex-chuóta (i.e. cuirfear críoch leis na dáiltí sa bhreis de sholáthar treorach ó Mheán Fómhair 2012 amach). Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2012 amach caithfear an soláthar treorach a bhainistiú ag scoileanna taobh istigh de dháileadh caighdeánach na scoile i leith an sceideal foirne. Glacann an inlitir seo ionad gach aon imlitir eile roimhe seo maidir le soláthar uaireanta treoracha comhairleacha i scoileanna iarbhunoideachais.

4.1 Na feidhmeanna a bhaineann le Treoir Scoile

Fanann soláthar treorach mar riachtanas reachtúil ar scoileanna faoin Acht Oideachais 1998.

Leagann Mír 9 den Acht raon leathan feidhmeanna amach le haghaidh scoileanna agus cuireann sé mar dhualgas ar scoileanna a gcuid acmhainní infhaighte a úsáid chun a leithéid d'fheidhmeanna a shlánú. Baineann Fo-Mhír (c) de Mhír 9 ach go háirithe le treoir

“a dheimhniú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir iomchuí chun cabhrú leo ina gcuid roghanna oideachasúla agus gairme”

4.2 Uathriail ag an leibhéal scoile

Cuimsíonn Clár an Rialtais gealltanais chun saoirse agus uathrialacht níos mó a sholáthar do Phríomhoidí agus do boird scoileanna trí fhreagracht níos mó a thiomnú go logánach, san áireamh saoirse níos mó chun an fhoireann a dháileadh agus a bhainistiú.

Baineann uathrialacht faoi láthair le scoileanna maidir le conas a bhaintear feidhm as an dáileadh caighdeánach foirne a tugadh dóibh chun ábhair a sholáthar do na mic léinn. Rinneadh an uathrialacht sin a mhéadú de thoradh gnéithe buiséadacha sa mhéad go gcaithfear an dáileadh caighdeánach foirne a fheidmiú feasta ó Mheán Fómhair 2012 amach chun treoir a sholáthar freisin do mhic léinn.

4.3 Cur chuige na scoile uile i leith sholáthar na treorach

Is dúnghaois bhunaithe é gur gníomhaíocht na scoile uile an treoir agus faoi na heagair atá i bhfeidhm faoi láthair déanann gach aon scoil plean treorach scoile a fhorbairt go comhoibreach mar áis thacaíochta do riachtanais na mac léinn. Cé gur chóir den phleanáil threorach scoile comhairleoir(í) treorach a bheith gafa inti i dtús báire, beidh eochairbhaint ag baill eile den fhoireann agus ag an mbainistíocht sa ghnó. Is gné eochrach é de dhea-phleanáil treorach cuntas soiléir a bheith ar fáil ar ról, ar fhreagrachtaí agus ar modhanna imeacht na foirne. Caithfear féachaint ar thuismitheoirí agus ar mhic léinn mar chuid riachtanach den phróiseas sin. Agus a

leithéid de phróiseas a úsáid chuige, is féidir le scoileanna na roghanna a leanas, mar shampla, a chur san áireamh chun feidhmiú na n-acmhainní infhaighte a uasmhéadú i soláthar na treorach:

- Treoir phearsanta, oideachasúil, ghairmiúil agus réime a sheachadadh agus a uasmhéadú i riocht grúpaí ranga,
- Cur ar chumas mac léinn feidhm a bhaint go díreach as an raon leathan de ghléasanna treoracha atá ar fáil ar an idirlíon ó na láithreáin ghréasáin éagsúla mar *Qualifax* agus *Careers Portal*.
- Chur ar chumas roinnt ball curaclaim den chlár treorach pleanála a sheachadadh ag múinteoirí eile mar an fhoireann *SPHE*.
- Ról tacaíochta na mac léinn nó ról na foirne scoile a bhfuil freagrach as an gcúram tréadach i scoileanna a uasmhéadú agus,
- A dheimhniú go mbeidh am 1:1 ag an gcomhairleoir treorach chun díriú ar riachtanais chomhairlithe na mac léinn a shásamh, i gcás na mac léinn sin, ach go háirithe, a mhothaíonn deacrachtaí nó géarcéim.

Is é eochair na faidhbe i gcás treoir a sholáthar i scoileanna ná tacaíocht a fháil ón gcomhphobal uile scoile, ó na tuismitheoirí agus ó na gníomhairteachtaí seachtracha iomchuí mar *NEWB* agus *NEPS*.

4.4 Fáil faoi láthair ar na cáipéisí a d'fhoilsigh an Roinn ar sholáthar na treorach

Rinne an Roinn cheana féin doiciméadú a fhoilsiú ar sholáthar na treorach i scoileanna agus tá a leithéid ar fáil anois ar láithreán gréasáin na Roinne. Ba chóir a shonrú gur foilsíodh na cáipéisí sin nuair a tugadh dáileadh ar leith sa bhreis don treoir. Dá bhrí sin, ba chóir iad a léirmhíniú anois i gcomhthéacs uathrialach sa bhreis bheith ar fáil do scoileanna i leith dáileadh acmhainní. Ina theannta sin, is féidir go mbeadh sé riachtanach roinnt gnéithe a cheartú chomh fada is a bhaineann leis an gcur chuige a chleachtar ag leibhéal na scoile aonair. Ba chóir, mar sin féin, go mbeadh na húdaráis scoileanna sásta feidhm a bhaint fós as an doiciméadú mar thagairt úsáideach agus mar acmhainní d'fhéadfaí a fheidhmiú nuair is cuí agus ach go háirithe nuair a dhéanfar pleananna treorach a ullmhú don scoil:

- [*Guidelines for Second-Level Schools on the Implications of Section 9\(c\) of the Education Act 1998, Relating to Students' Access to Appropriate Guidance \(ROS, 2005\)*](#)
- Foilseachán cigireachta sa bhliain 2009 “[*Ag Breathnú ar Threoir*](#)”

4.5 Comhairleoirí Treorach

Leagann [Imlitir 0031/2011](#) na Roinne na riachtanais amach maidir le earcaíocht mhúinteoirí, clárú agus cáilíochtaí. Ainneoin na gnéithe buiséadacha, fanann sé gan athrú go gcaithfidh duine ar bith a roghnófar mar chomhairleoir treorach bheith cáilithe mar mhúinteoir dara leibhéal agus ina theannta sin bheith i seilbh cáilíocht aitheanta chuí do dhuine gafa i dtreoir scoile.

5. Poist mhíbhuntáiste stairiúla a tharraingt siar

I gcás roinnt iarbhunscoileanna sa chlár *DEIS*, tá poist teagaisc iontu a d'éirigh as na cláracha míbhuntáiste roimh bhunú an tionscnaimh *DEIS* sa bhliain 2005. Mar chuid de na gnéithe buiséadacha, táthar chun na poist sin a tharraingt siar ó Mheán Fómhair 2012. Cuirfear a leithéid in iúl go díreach do na CGO/scoileanna cuí ar leith ag an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn.

6. Eagair theoranta a chéimniú

Cuirfear roinnt eagar um chéimnithe teoranta i bhfeidhm sna CGO/scoileanna sin nuair a bhíonn drochthionchar thar fóir ag gnéithe buiséadacha agus leasuithe le chéile ar dháileadh iomláine na CGO/scoile. Mar chuid de phróiseas an lamháltais churaclaim, beidh an deis ag na CGO/scoileanna a chur in iúl faoi conas a ghoill, ach go háirithe, na gnéithe sin orthu. Cuirfear a leithéid san áireamh, mar is cuí, nuair a dhéanfar na hiarratais ar lamháltais churaclaim a phróiseáil sa Roinn.

Maidir le measúnacht na Roinne i gcás na n-iarratas uile ar na lamháltas curaclaim, cuirfear san áireamh, freisin, na hiarrachtaí a rinne an CGO/scoil chun uastoradh a bhaint amach agus í ag braith ar a cuid acmhainní teagaisc. Ní foláir no gur rinneadh a leithéid trí chomhoibriú áitiúil sna heagair le scoileanna eile máguairt agus san áireamh, más indéanta, feidhm as an teicneolaíocht nua.

7. Fiosrúcháin:

Fiosrúcháin maidir leis an bpróiseas um dháileadh múinteoirí, ba chóir a leithéid a sheoladh chuig an seoladh rphoist a leanas::- Allocations@education.gov.ie

Hubert Loftus
Príomh-Oifigeach
Rannóg Dáiltí Múinteoirí

Feabhra 2012